

Bliain de Thacaíochtaí Cánach COVID-19 – Márta 2020 go Márta 2021

€ 9.1 billiún

Sa bhliain ó thosaigh an paidéim COVID-19, tá na Coimisinéirí Ioncaim tar éis sraith scéimeanna tacaíochta a chur i bhfeidhm nó a riar. Agus é dírithe ar thacú le gnóthaí agus le daoine aonair, ba é luach na scéimeanna seo don dá mhí dhéag go deireadh mhí an Mhárta 2021 ná €9.1 billiún.



Note: some headings involve a degree of estimation, as discussed in the text.

While not comprehensive, this report gives a statistical overview of the main COVID-19 schemes and other measures deployed through the taxation system in the last twelve months.

Clár na nÁbhar

<i>List of Figures</i>	2
1 Introduction.....	3
2 Supporting Employers and Employees	4
3 Debt Warehousing	9
4 Helping Businesses with Cashflow and Costs.....	11
5 Other Supports	13
6 Conclusion.....	14

Liosta Fhigiúir

Figúr 1: Príomh-staitisticí SFSP	5
Figúr 2: SFSP - Gluaiseacht idir Scéimeanna agus chuig Fostaíocht.....	7
Figúr 3: Príomh-staitisticí SFPF.....	8
Figúr 4: Príomh-staitisticí na Scéime Stórasaithe Fiachais.....	10
Figúr 5: Príomh-staitisticí STSC	12

1 Réamhrá

Chothaigh tús phaindéim COVID-19 cur isteach agus neamhchinnteacht nach bhfacthas riamh do thírdhreach geilleagrach agus sóisialta na hÉireann. Bhí tionchar láithreach ag COVID-19 agus na srianta sláinte poiblí a chuir an Rialtas i bhfeidhm d'fhonn leathadh an víris a chosc, ar na timpeallachtaí ghnó, agus ar ghnéithe tábhachtacha de ról na gCoimisinéirí Ioncam mar chóras riartha cánach agus custam.

Ó mhí an Mhárta 2020, bhí ról suntasach ag na Coimisinéirí Ioncam i seachadadh tacaíochtaí rithábhachtacha Rialtais do ghnóthaí, fostóirí agus daoine aonair buailte, agus a chabhraigh le site beatha a chosaint. Ba é luach na dtacaíochtaí a riar nó a chur na Coimisinéirí Ioncaim i bhfeidhm don dá mhí dhéag go dtí deireadh Márta 2021 ná €9.1 billiún.

Déanann na hailt seo a leanas próifíl ar na tacaíochtaí d'fhostóirí, d'fhostaithe agus do ghnóthaí chun a gcostais a chlúdach nó a laghdú, chomh maith le stórasú fiachais agus bearta eile.

2 Ag Tacú le Fostóirí agus Fostaithe

D'fhógair an Rialtas an **Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá ("SFSP")** ar an 24 Márta 2020 agus rinne na Coimisinéirí ioncam na chéad íocaíochtaí faoin scéim go díreach 4 lá dá éis sin. D'úsáid SFSP córais TF na Coimisinéirí Ioncam, go háirithe tabhairt isteach an tuairiscithe fíorama ÍMAT i mí Eanáir 2019, chun tacaíochtaí airgid thirim ríthábhachtach a chur chuig fostóirí agus fostaithe buailte san achar ama is giorra agus ab fhéidir. Mar gheall ar na híocaíochtaí seo, bhí fostóirí incháilithe in ann tacaíochtaí suntasacha airgeadais a chur ar fáil go díreach dá bhfostaithe trí na fostaithe sin a choinneáil ar a bpárolla agus inmharthanacht fhadtéarmach a bpost a chosaint. Bhíothas ag súil leis i dtosach go mairfeadh an SFSP dhá sheachtain déag tar éis í a thabhairt isteach, ach ar deireadh cuireadh síneadh ama leis go dtí deireadh mhí Lúnasa 2020. Thar an tréimhse ina raibh an SFSP i bhfeidhm, fuair 66,600 fostóirí €2.8 billiún in íocaíochtaí fóirdheontais i ndáil le 664,500 fostaithe. Bhí tacaíocht á fháil ag breis agus 255,800 fostaí nach raibh san SFSP, trí rannpháirtíocht a fhóistóirí sa Scéim.

Taispeántar roinnt staitisticí lárnacha maidir le hoibriú an SFSP in Figiúr 1. Gné thábhachtach de thorthaí SFSP ba ea gluaiseacht fostaithe ón Scéim chuig gnáthfhostaíocht (neamh-SFSP) nó an Íocaíocht Dífhostaíochta Phaindéime ("IDP"), le linn na hathoscailte céimnithe i samhradh 2020. Taispeánann Figiúr 2 achoimre den na gluaiseachtaí SFSP.¹

D'fhógair an Rialtas an **Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta ("SFPF")** mar chuid de Phacáiste Spreagthaí Post Mhí Iúil agus tháinig sé in áit an SFSP le héifeacht ón 1 Meán Fómhair 2020. Tá na híocaíochtaí SFPF le fostóirí incháilithe bunaithe ar struchtúr fóirdheontais chothromráta bunaithe ar phá comhlán seachtainiúil fostaithe. Dearadh an SFPF ar dtús chun an fóirdheontas a bhí dlite uair sa mhí a íoc i riaráistí ach ó mhí Dheireadh Fómhair, íoctar é anois ar bhonn 'an chéad lá baincéireachta eile', cosúil leis an SFSP, agus dá réir borradh an-dearfach sreafa airgid a chur ar fáil do ghnóthaí.

Faoi dheireadh 2021, íocadh €2.62 billiún i bhfóirdheontais le 48,400 fostóirí i ndáil le 546,300 fostaithe faoin SFPF. Taispeántar roinnt staitisticí lárnacha maidir le hoibriú an SFPF in Figiúr 3.²

Tarscaoileadh ar Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa ("ÁSPC") mar gheall ar an ráta laghdaithe ÁSPC ar phá a íocadh atá incháilithe le haghaidh an SFPF. Maidir le SFSP, níor chuir ÁSPC fóstóra isteach ar an bhfóirdheontas agus laghdaítear é ó 10.5% go 0.5% ar íocaíochtaí breisithe. Tarscaoileadh €437 milliún in ÁSPC i leith SFPF go Márta 2021. Maidir le SFPF, ní fhéadfaí an ÁSPC tarscaoilte a ríomh go díreach, ach meastar go bhfuil sé €460 milliún.

¹ Foilsíodh léargas mionsonraithe staitistiúil ar an SFSP: <https://www.revenue.ie/ga/corporate/documents/research/statistical-overview-of-covid-19-twss.pdf>; foilsíodh nuashonruithe staitistiúla seachtainiúla le linn oibriú an SFSP: <https://www.revenue.ie/ga/corporate/information-about-revenue/statistics/number-of-taxpayers-and-returns/covid-19-support-schemes-statistics.aspx>.

² Foilsíodh nuashonruithe staitistiúla seachtainiúla ar oibriú SFSP: <https://www.revenue.ie/ga/corporate/information-about-revenue/statistics/number-of-taxpayers-and-returns/covid-19-support-schemes-statistics.aspx>.

Figiúr 1: Príomh-staisticí SFSP

Earnálacha Faighteoirí SFSP

Earnáil an Fhostóra	Fostóirí	Fostaithe
Lóistín & seirbhísí bia	10.3%	16.7%
Gníomhaíochtaí teaghlaigh mar fhostóirí	0.1%	0.0%
Seirbhísí riaracháin & tacaíochta	4.4%	5.5%
Talmhaíocht, foraoiseacht & iascaireacht	1.6%	0.8%
Na healaíona, siamsaíocht & fóillíocht	2.6%	2.7%
Tógáil	16.0%	10.3%
Oideachas	3.0%	2.0%
Fóntais	0.5%	0.7%
Airgeadas & árachas	1.2%	1.2%
Sláinte dhaonna & obair shóisialta	6.4%	4.9%
TFC & seirbhísí eile faisnéise	2.1%	1.7%
Déantúsaíocht	7.3%	12.6%
Seirbhísí gairmiúla & teicniúla	12.3%	7.9%
Riarachán poiblí & cosaint	0.7%	0.4%
Eastát réadaigh	1.9%	1.4%
Iompar & stóráil	3.6%	5.4%
Trádáil mórdhíola & miondhíola	19.4%	22.4%
Seirbhísí Eile	6.6%	3.5%
Gach Earnáil	100%	100%

Leibhéil Pá Fostaithe SFSP (réamh-COVID-19)

Meán-Ghlanphá Seachtainiúil Eanáir/Feabhra	Gach Fostaí*	Fostaithe SFSP amháin
€0 – €100	7%	2%
€101–€200	8%	5%
€201–€300	10%	8%
€301–€400	14%	15%
€401–€500	15%	21%
€501–€600	12%	18%
€601–€700	9%	13%
€701–€800	6%	8%
€801–€900	5%	5%
€900+	14%	5%
€0 – €412	40%	33%
€413–€500	13%	18%
€501–€586	11%	16%
€586+	36%	33%
Gach Raon Pá	100%	100%

*Tá fostaithe san earnáil phoiblí agus do dhaoine a fhaigheann pinsin cheirde eisiata.


Fóirdheontais agus Pá Comhlán le Fostaithe

Mí	Fóirdheontais SFSP	Meánphá Comhlán
Aibreán	€712m	€602m
Bealtaine	€532m	€494m
Meitheamh	€454m	€633m
Iúil	€623m	€952m
Lúnasa	€523m	€925m
Gach Mí	€2,844m	€3,606m

*Áirítear fóirdheontais SFSP mí an Mhárta.


**Fostaithe SFSP amháin.

Fostóirí agus Fostaithe SFSP de réir Rannán na gCoimisinéirí Ioncaim



Foinse: Anailís na Coimisinéirí Ioncam.

Figiúr 2: SFSP - Gluaiseacht idir Scéimeanna agus chuig Fostaíocht



Foinse: Anailís na Coimisinéirí Ioncam.

Figiúr 3: Príomh-staitisticí SFPP

Earnálacha Faighteoirí SFPP


Earnáil an Fhostóra	Fostóirí	Fostaithe
Lóistín & seirbhísí bia	15%	26%
Seirbhísí riaracháin & tacaíochta	4%	7%
Talmhaíocht, foraoiseacht & iascaireacht	1%	1%
Na healaíona, siamsaíocht & fóillíocht	3%	4%
Tógáil	14%	10%
Oideachas	4%	3%
Fóntais	0%	0%
Airgeadas & árachas	1%	1%
Sláinte dhaonna & obair shóisialta	6%	5%
TFC & seirbhísí eile faisnéise	2%	1%
Déantúsaíocht	7%	9%
Seirbhísí gairmiúla & teicniúla	10%	6%
Riarachán poiblí & cosaint	1%	1%
Eastát réadaigh	2%	2%
Iompar & stóráil	4%	7%
Trádáil mórdhíola & miondíola	17%	17%
Seribhísí Eile	8%	4%
Gach Earnáil	100%	100%

Gluaiseachtaí SFSP chuid an IDP

Flow	Number of Employees
February EWSS Employees who subsequently appeared on PUP in March	14,900*
January EWSS Employees who subsequently appeared on PUP in February	55,200
December EWSS Employees who subsequently appeared on PUP in January	85,900
November EWSS Employees who subsequently appeared on PUP in December	10,800
October EWSS Employees who subsequently appeared on PUP in November	75,100
September EWSS Employees who subsequently appeared on PUP in October	44,900

*Tháinig 46,100 fostaí neamh-SFPF eile (i "ngnáthfhostaíocht") i mí Feabhra i láthair ar IDP i mí an Mhárta.

Íocaíochtaí Fóirdheontais de réir Contae €m



Powered by Bing
© DSAT Editor

Foinse: Anailís na Coimisinéirí Ioncam.

3 Stórasú Fiachais

Ar an 13 Márta 2020, chuir na Coimisinéirí Ioncam sraith beart láithreach i bhfeidhm chun cabhrú le gnóthaí a raibh deacrachtaí trádála acu de dheasca thionchar COVID-19, lena n-áirítear:

- gearradh úis ar íocaíochtaí déanacha curtha ar fionraí i leith dhliteanais CBL Eanáir/Feabhra 2020 agus dhliteanais ÍMAT (Fostóra) Feabhra agus Mhárta 2020 araon;
- gach gníomhaíocht forfheidhmiúcháin fiachais curtha ar fionraí;
- stádas imréitigh cánach a choinneáil do gach gnó sa chás nár coinníodh suas chun dáta íocaíochtaí cánach agus tuairisceáin chánach a tháinig de bheith dlite ó thús na paindéime, agus
- an t-athbhreithniú sceidealta ar ráta CCI atá le teacht a chur ar fionraí agus ar an gcaoi sin a chinntiú nár mhéadaigh ráta asbhainte CCI an fhochoonraitheora mar gheall ar athruithe ar a shuíomh comhlíontachta.

Bhíothas ag súil go mbeadh na bearta seo i bhfeidhm sa ghearrthearma ach cuireadh síneadh leis an méid thuas le linn 2020 uile, agus cuireadh i bhfeidhm an gearradh úis ar íocaíochtaí déanacha a bhí curtha ar fionraí i leith dhliteanais CBL agus ÍMAT (Fostóra) curtha san áireamh ina dhiaidh sin sa **Scéim Stórasú Fiachais**.³ Faoin Scéim, féadfaidh gnóthaí fiachais áirithe chánach a 'pháirceáil' go sealadach fad is atá trádáil buailte ag na srianta COVID-19. Fanfaidh na fiachais seo de bheith 'páirceáilte' ar bhonn saor ó ús ar feadh 12 mhí tar éis tús a chur arís le 'gnáth-thrádáil'. Mura bhfuil an fiachas stórasaithe íoctha ina iomláine ná i bpáirt faoi dheireadh na tréimhse 12 mhí saor ó ús, féadtar an t-iarmhéid a íoc trí shocraíocht tráthíocaíochtaí aontaithe ag ráta fíorlaghdaithe úis 3% sa bhliain. Is iad na rátaí caighdeánacha úis d'fhiachais cánach ná 8% agus 10%.

Faoi dheireadh 2021, bhí €2.3 billiún d'fhiachas cánach stórasaithe do 81,400 gnó. Taispeántar roinnt staitisticí lárnaigh maidir le hoibriú an Stórasú Fiachais in Figiúr 4.

Tugtar creat oibre sa Scéim Stórasaithe Fiachais do ghnóthaí ina bhféadann siad imréiteach cánach a choinneáil sa chás nach bhfuil íocaíochtaí cánach suas chun dáta. An t-aon riachtanas atá ann do ghnóthaí chun leanúint de leas a bhaint as téarmaí na scéime agus imréiteach cánach a choinneáil, ar príomhriachtanas incháilitheachta é le haghaidh rochtana ar an SFPF agus an STSC, ná leanúint de thuairisceáin chruinne agus in am is i dtráth a thíolacadh agus gach tuairisceán amuigh a thabhairt cothrom le dáta.

³ Leathnaíodh an scéim níos déanaí le go gcuirfí san áireamh dliteanais áirithe cánach ioncaim féinmheasúnaithe agus ró-íocaíochtaí fóirdheontas SFSP dlite le haisioc le fostóirí ag na Coimisinéirí Ioncaim.

Figiúr 4: Príomh-staitisticí na Scéime Stórasaithe Fiachais

Stórasú de réir Ceannteideal Cánach



Stórasú de réir Mhí Dlíte

Stórasú de réir Rannóg de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim

Rannóg de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim	Suim €m	Líon na Gnóthaí
Corparáidí Móra	373	124
Rannóg na bhFiontar Meánmhéide	764	2,148
Gnó	1,118	76,110
Eile	25	3040
Uile	2,280	81,422

Fiachais ar Fáil le haghaidh Bailiúcháin ag deireadh Márta 2021

	€m
Iomlán na bhFiachais	6,738
Achomhairc	3,659
Dócmhainneacht	42
Fiachais ar Fáil le haghaidh Bailiúcháin	1,182
Fiachas stórasaithe	2,117*
Iomlán	3,299

*Ní áirítear

an suim

measta a bhaineann le neamhthíolaiceoirí na Rannóige Gnó agus na gCánacha Pearsanta.

Mí Dlíte	CBL		PREM	
	€m	Gnóthaí	€m	Gnóthaí
Már-20	234	9,788	86	10,613
Aib-20	2	110	135	22,145
Bea-20	213	12,920	42	5,800
Mei-20	1	38	41	5,740
Iúil-20	164	7,811	57	13,847
Lún-20	0	47	58	11,346
MFó-20	213	10,872	57	12,318
DFó-20	1	52	63	20,017
Sam-20	80	7,067	49	13,161
Nol-20	0	13	48	12,575
Ean-21	164	10,849	131	30,216
Fea-21	0	19	65	16,462
Már-21	92	4,015	82	20,304
Iomlán	1,165	63,601	916	194,544

Tá líon na ngnóthaí uathúil do gach tréimhse Mí Dlíte. Níl suimeanna measta a bhaineann le neamhthíolaiceoirí na Rannóige Gnó agus na gCánacha Pearsanta.

Foinse: Anailís na Coimisinéirí Ioncam.

4 Ag Cuidiú le Gnóthaí le Sreabhadh Airgid agus Costais

Fógraíodh an **Scéim Tacaíochta Sriantaí Covid (STSC)** sa Bhuiséad 2021 (13 Deireadh Fómhair 2020) agus bhí feidhm leis an scéim ón dáta céanna. Faoin STSC, maidir le duine cáilitheach a bhfuil gníomhaíocht gnó ar bun aige nó aici agus a bhfuil tionchar ag na srianta sláinte phoiblí a bhaineann le COVID-19 air nó uirthi, sa mhéid is gur gá don ghnó cosc a chur ar chustaiméirí nó rochtain do chustaiméirí ar an áitreabh a shrianadh, féadann an duine cáilitheach éileamh a dhéanamh leis na Coimisinéirí Ioncaim ar íocaíocht faoi réir uasmhéid €5,000 gach seachtain a bhfuil tionchar ag na srianta air nó uirthi.

Dhear na Coimisinéirí Ioncam próiseas clárúcháin ar líne le haghaidh na scéime taobh istigh de dhíreach os cionn dhá sheachtain ón bhfógra Buiséid, agus rinneadh na chéad íocaíochtaí le gnóthaí incháilithe ón 17 Samhain ar aghaidh. Faoi dheireadh Márta 2021, íocadh €426 billiún n íocaíochtaí STSC le 21,800 fostóirí i ndáil le 24,100 áitreamh gnó faoin SFPF. Taispeántar roinnt staitisticí lárnacha maidir le hoibriú an STSC in Figiúr 5.⁴

Le cabhair a sholáthar do raon leathan gníomhaíochtaí eacnamaíocha agus tairbhí do raon leathan gnóthaí agus trádálaithe, tá dhá **laghdú ar ráta CBL** curtha i bhfeidhm le bliain anuas.

Mar chuid den Pacáiste Mhí Iúil 2020 do Spreagthaí Post, fógraíodh laghdú sealadach ar an ráta caighdeánach CBL ó 23% go 21% don tréimhse 1 Meán Fómhair 2020 go 28 Feabhra 2021. I mBuiséad 2021, laghdaíodh an ráta CBL don earnáil fáilteachais agus turasóireachta ó 13.5% go 9%, le héifeacht ón 1 Samhain 2020 go dtí an Nollaig 2021.

Meastar go gcosnódh an laghdú ar an ráta caighdeánach €440 milliún. Meastar go gcosnódh an ráta 9% d'fháilteachas agus turasóireacht €336 milliún do 2021 ina iomláine agus €401 milliún ón 1 Samhain 2020 go dtí an 31 Nollaig 2021 (bunaithe ar ghnáth-threochtaí fáltas CBL, meastar go gcosnóidh an costas pro-rata ó Shamhain go deireadh mhí an Mhárta thart ar €180 milliún).⁵

Níl sonraí tuairisceáin ar fáil go fóill chun tionchar na laghduithe ar rátaí CBL ar fháltais bhailithe a thomhas go dtí deireadh Márta 2021. Níl na suimeanna seo san áireamh i luach €9.1 billiún na scéimeanna sa tuarascáil seo toisc go bhfuil siad sealadach agus go dtagann siad as athrú ar bheartas cánach.

⁴ Foilsítear nuashonruithe staitistiúla seachtainiúla ar oibriú an STSC: <https://www.revenue.ie/ga/corporate/information-about-revenue/statistics/number-of-taxpayers-and-returns/covid-19-support-schemes-statistics.aspx>.

⁵ Tá roinnt samplaí san Réíomhán na gCoimisinéirí Ioncaim de chostas measta na n-athruithe nó na sintí ar rátaí CBL: <https://www.revenue.ie/ga/corporate/information-about-revenue/statistics/ready-reckoner/index.aspx>.

Figiúr 5: Príomh-staitisticí STSC

STSC de réir Earnáil


Earnáil an Ghnó	Sciar an Áitribh	Sciar na Suimeanna Éilimh
Bear (Dáileadh Bia)	7.5%	16.2%
Bear (Teach Tábhairne 'fliuch')	14.1%	11.2%
Caifé, Bialann	12.4%	14.8%
Óstáin agus Lóistín (Leaba is Bricfeasta srl)	8.1%	16.7%
Seirbhísí Pearsanta (Gruagairí, Sciamheolaithe, srl)	23.2%	6.9%
Siopa Miondiola Speisialta (Éadaí, Bréagáin, Bláthadóir, srl)	15.1%	13.5%
Eile	19.6%	20.6%
Gach Earnáil	100%	100%

Meán-Íocaíochtaí Seachtainiúla STSC

Earnáil an Ghnó	Meán-Íocaíocht Seachtainiúil	Sciar leis an Íocaíocht Uasta*
Bear (Dáileadh Bia)	€1,776	11%
Bear (Teach Tábhairne 'fliuch')	€602	1%
Caifé, Bialann	€1,193	4%
Óstáin agus Lóistín (Leaba is Bricfeasta srl)	€1,789	22%
Eile	€1,068	7%
Seirbhísí Pearsanta (Gruagairí, Sciamheolaithe, srl)	€282	0%
Siopa Miondiola Speisialta (Éadaí, Bréagáin, Bláthadóir, srl)	€989	3%
Gach Earnáil	€930	5%

*Tá STSC faoi réir íocaíocht sheachtainiúil uasta de € 5,000.

Suimeanna Éilimh STSC de réir Contae



Powered by Bing
© DSAT Editor

Foinse: Anailís na Coimisinéirí Ioncam.

5 Tacaíochtaí Eile

Níl sna tacaíochtaí COVID-19 thuasluaite ach spléachadh ar an réimse leathan tacaíochtaí a riar na Coimisinéirí Ioncam thar ceann an Rialtais le linn 2020. Chomh maith leis sin, chuir na Coimisinéirí Ioncam i bhfeidhm chomh maith sraith beart lamháltais thar réimse leathan ceisteanna fadbhunaithe a bhaineann le cáin faoi fhorálacha cúraim agus bainistíochta Alt 849 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997.

I measc samplaí, ach ní liosta uileghabhálach, de na cineálacha beart lamháltais agus tacaíochtaí Rialtais atá na Coimisinéirí Ioncaim á chur ar fáil agus/nó a riaradh le linn 2020 (costais go Márta 2021 curtha ar fáil nuair atá siad ar fáil nó infheidhmithe - tá go leor acu neodrach ó thaobh costais nó tá tionchar acu ar sreabhadh airgid amháin) tá an méid seo a leanas:

- Brostú ar Fhaoiseamh i leith Caillteanais (tionchar measta ar sreabhadh airgid de €65 milliún);
- brostú ar aisíocaíochtaí eatramhacha Cánach Iarchoimeáda ar Sheirbhísí Gairmiúla (“CISG”);
- rochtain luath ar chreidmheasanna iníoctha Taighde agus Forbartha (“T&F”);
- síneadh curtha le spriocdhátaí íoca & tíolactha;
- fáil ar rátaí úis mór-laghdaithe 3% i ndáil le dliteanas cánach réamh-COVID ar feadh tréimhse ama theoranta;
- tarscaoileadh ar cheadúnais licéir ‘ion-trádála don tréimhse cheadúnúcháin 2020/2021 (costas measta de €8.2 milliún);
- achair ama shínte d’fhiontair FBM ag iarraidh leas a bhaint as faoiseamh faoin Dreasacht Fostaíochta agus Infheistíochta (DFI) chun coinníollacha áirithe a chomhlíonadh;
- bearta lamháltais i ndáil le feidhmiú agus ríomh Sochair Comhchineáil i gcúinsí áirithe, lena n-áirítear tástálacha COVID-19, vacsaíniú fliú, feithiclí curtha ar fáil ag fostóirí agus an Scéim Sochar Beag;
- maolú ar úsáid alcól eitile i bpróiseas táirge díghalráin lámh chun déantúsaíocht agus soláthar méadaithe a chumasú;
- tabhairt isteach an chreidmheasa cánach Fan agus Caith (costas measta €2 milliún);
- fáil ar an Scéim Fheabhsaithe Cabhair le Ceannach (costas measta €30 milliún).

6 Conclúid

Chothaigh tús phaindéim COVID-19 cur isteach agus neamhchinnteacht nach bhfacthas riamh do thírdhreach geilleagrach agus sóisialta na hÉireann. Bhí tionchar láithreach ag COVID-19 agus na srianta sláinte poiblí a chuir an Rialtas i bhfeidhm d'fhonn leathadh an víris a chosc, ar na timpeallachtaí ghnó, agus ar ghnéithe tábhachtacha de ról na gCoimisinéirí Ioncam mar chóras riartha cánach agus custam.

Déanann an tuarascáil seo a leanas próifíl ar na tacaíochtaí COVID-19 curtha ar fáil trís an gcóras cánach d'fhostóirí, d'fhostaithe agus do ghnóthaí chun a gcostais a chlúdach nó a laghdú, chomh maith le stórasú fiachais agus bearta eile. Tá comhréim agus athneartú i gceist leis na mbearta seo. Cé nach bhfuil siad cuimsitheach, is iad seo na tacaíochtaí is suntasaí a riar nó a chuir na Coimisinéirí Ioncaim i bhfeidhm, a raibh a luach €9.1 billiún faoi dheireadh mhí an Mhárta 2021. Thar an tréimhse chéanna, Márta 2020 go Márta 2021, b'ionann fáltais chánach a bailíodh don Státchiste agus €57.3 billiún, ag taispeáint scála suntasach na dtacaíochtaí sin i gcomhthéacs ghníomhaíochtaí leanúnacha na gcáiníocóirí.